UACHTARÁN PHOBLACHT NA BULGÁIRE,

Serguei STANISHEV

Príomh-Aire

Ivailo KALFIN

Leas-Phríomhaire agus Aire Gnóthaí Eachtracha

UACHTARÁN PHOBLACHT NA SEICE,

Mirek TOPOLÁNEK

Príomh-Aire

Karel SCHWARZENBERG

Aire Gnóthaí Eachtracha

A SOILSE BANRÍON NA DANMHAIRGE,

Anders Fogh RASMUSSEN

Príomh-Aire

Per Stig MØLLER

Aire Gnóthaí Eachtracha

UACHTARÁN PHOBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

An Dr. Angela MERKEL

Seansailéir Cónaidhme

An Dr. Frank-Walter STEINMEIER

Aire Cónaidhme Gnóthaí Eachtracha agus Leas-Seansailéir

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hEASTÓINE,

Andrus ANSIP

Príomh-Aire

Urmas PAET

Aire Gnóthaí Eachtracha

A MHÓRGACHT RÍOGA ARD-DIÚC LUCSAMBURG,

Jean-Claude JUNCKER

Príomh-Aire, Aire Stáit

Jean ASSELBORN

Aire Gnóthaí Eachtracha agus Inimirce

UACHTARÁN PHOBLACHT NA hUNGÁIRE,

Ferenc GYURCSÁNY

Príomh-Aire

An Dr. Kinga GÖNCZ

Aire Gnóthaí Eachtracha

UACHTARÁN MHÁLTA,

An tOnórach Lawrence GONZI

Príomh-Aire

An tOnórach Michael FRENDO

Aire Gnóthaí Eachtracha

A SOILSE BANRÍON NA hÍSILTÍRE,

An Dr. J. P. BALKENENDE

Príomh-Aire

M. J. M. VERHAGEN

Aire Gnóthaí Eachtracha

UACHTARÁN CÓNAIDHME PHOBLACHT NA hOSTAIRE,

An Dr. Alfred GUSENBAUER

Seansailéir Cónaidhme

An Dr. Ursula PLASSNIK

Aire Cónaidhme Gnóthaí Eorpacha agus Idirnáisiúnta

UACHTARÁN PHOBLACHT NA SLÓVAICE,

Robert FICO

Príomh-Aire

Ján KUBIŠ

Aire Gnóthaí Eachtracha

UACHTARÁN PHOBLACHT NA FIONLAINNE,

Matti VANHANEN

Príomh-Aire

Ilkka KANERVA

Aire Gnóthaí Eachtracha

RIALTAS RÍOCHT NA SUALAINNE,

Fredrik REINFELDT

Príomh-Aire

Cecilia MALMSTRÖM

Aire Gnóthaí Eorpacha

A SOILSE BANRÍON RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN,

An Ró-Onórach Gordon BROWN

Príomh-Aire

An Ró-Onórach David MILIBAND

Rúnaí Stáit Gnóthaí Eachtracha agus Gnóthaí Comhaltais

NOCH A RINNE, tar éis dóibh a lánchumhachtaí, agus iad i bhfoirm cheart chuí, a thabhairt ar aird dá chéile,

*Airteagal 2*

Leasaítear an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo.

1) Cuirtear 'An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh' in ionad cheannteideal an Chonartha.

## A. LEASUITHE COTHROMÁNACHA

2) Sa Chonradh tríd síos:

(a) cuirtear an leagan cuí gramadaí den fhocal 'Aontas' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'Comhphobal' nó 'Comhphobal Eorpach' nó 'CEE', de réir mar is gá, agus cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'Aontas Eorpach' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'Comhphobail Eorpacha' seachas in Airteagal 299(6)(c) a athuimhrítear mar Airteagal 311(5)(c). I dtaca leis an gcéad mhír d'Airteagal 136, ní bhaineann an leasú seo ach leis na focail 'ag an gComhphobal';

(b) cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'na Conarthaí', in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'an Conradh seo'; níl feidhm ag an bpointe seo maidir leis an tríú mír d'Airteagal 182, le hAirteagail 312, 313;

(c) cuirtear 'Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach' in ionad 'an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251' agus cuirtear 'leis an ngnáthnós imeachta reachtach' in ionad 'leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251' agus, más gá, cuirtear an briathar a leanann é san uimhir iolra;

(d) scriostar 'ag gníomhú dó trí thromlach cáilithe', 'ag gníomhú di trí thromlach cáilithe', agus 'trí thromlach cáilithe';

(e) cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'an Chomhairle Eorpach' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'an Chomhairle, ag teacht le chéile di i dtionól na gCeannairí Stáit nó Rialtais';

(f) seachas sa chéad mhír d'Airteagal 193, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'institiúidí nó comhlachtaí';

(g) cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'margadh inmheánach' in ionad an leagain chomhfhreagraigh den fhocal 'cómhargadh';

(h) cuirtear 'euro' agus 'an euro' in ionad 'ECU' agus 'an tECU' faoi seach;

(i) cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'Ballstáit gan mhaolú';

(j) cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'an Banc Ceannais Eorpach', in ionad an ghiorrúcháin 'BCE' de réir mar is iomchuí;

(k) cuirtear 'Reacht an CEBC agus an BCE' in ionad 'Reacht CEBC';

(l) cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'an Coiste Eacnamaíoch agus Airgeadais' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'an Coiste dá bhforáiltear in Airteagal 114' agus 'an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 114';

(m) cuirtear 'Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh' in ionad 'Reacht na Cúirte Breithiúnais' nó 'Reacht na Cúirte';

(n) cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'an Chúirt Ghinearálta' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'an Chúirt Chéadchéime';

(o) cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'cúirt speisialaithe' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'painéal breithiúnach'.

3) Sna hAirteagail seo a leanas, cuirtear 'ag gníomhú di d'aon toil i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta' in ionad 'ag gníomhú di d'aontoil ar thogra ón gCoimisiún':

— i mír 1 d'Airteagal 13 a athuimhrítear mar Airteagal 16e
— in Airteagal 19(1)
— in Airteagal 19(2)
— in Airteagal 22, sa dara mír
— in Airteagal 93
— in Airteagal 94 a athuimhrítear mar Airteagal 95
— in Airteagal 104(14), sa dara fomhír
— in Airteagal 175(2), sa chéad fhomhír

4) Sna hAirteagail seo a leanas, cuirtear ', ag gníomhú di trí thromlach simplí,' isteach tar éis 'an Chomhairle':

— in Airteagal 130, sa chéad mír
— in Airteagal 144, sa chéad mír
— in Airteagal 208
— in Airteagal 209
— in Airteagal 213, sa mhír dheiridh, sa tríú habairt
— in Airteagal 216
— in Airteagal 284

5) Sna hAirteagail seo a leanas, cuirtear 'toiliú a fháil ó Pharlaimint na hEorpa' in ionad 'dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa':

— i mír 1 d'Airteagal 13 a athuimhrítear mar Airteagal 16e
— in Airteagal 22, sa dara mír

6) Sna hAirteagail seo a leanas, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'an institiúid' agus, más gá, oiriúnaítear gramadach na habairte dá réir:

— in Airteagal 195(1), an dara fomhír

— in Airteagal 232, an dara mír

— in Airteagal 233, an chéad mhír

— in Airteagal 234, pointe (b)

— in Airteagal 255(3), arb é Airteagal 16a(3) anois é, sa tríú fomhír

7) Sna hAirteagail seo a leanas, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'an Chúirt Bhreithiúnais':

— in Airteagal 83(2)(d)

— in Airteagal 88(2), sa dara fomhír

— in Airteagal 95(9) – leasú (b) a athuimhrítear mar Airteagal 94(5)

— in Airteagal 195(1)

— in Airteagal 225 A, sa séú mír

— in Airteagal 226, sa dara mír

— in Airteagal 227, sa chéad mhír

— in Airteagal 228(1), sa chéad lua

— in Airteagal 229

— in Airteagal 229a

— in Airteagal 230, sa chéad mhír, an dara mír agus sa tríú

— in Airteagal 231, sa chéad mír

— in Airteagal 232, sa chéad mír agus sa tríú mír

— in Airteagal 233, sa chéad mír

— in Airteagal 234, sa chéad mhír

— in Airteagal 235

— in Airteagal 236

— in Airteagal 237, san abairt tosaigh agus i bpointe (d)

— in Airteagal 238

— in Airteagal 240

— in Airteagal 241

— in Airteagal 242, sa chéad abairt

— in Airteagal 243

— in Airteagal 244

— in Airteagal 247(9) a athuimhrítear mar Airteagal 247(8)

— in Airteagal 256, sa dara mír

Sna hAirteagail seo a leanas scriostar an focal 'Bhreithiúnais' nó 'Breithiúnais', de réir mar is iomchuí, i ndiaidh na leaganacha éagsúla den fhocal 'Cúirt':

— in Airteagal 227, sa cheathrú mír

— in Airteagal 228(1), sa dara lua

— in Airteagal 228(2), sa dara fomhír agus sa tríú fomhír

— in Airteagal 230, sa tríú mír

— in Airteagal 231, sa dara mír

— in Airteagal 232, sa tríú mír

— in Airteagal 234, sa dara mír agus sa tríú mír

— in Airteagal 237(d), sa tríú habairt

— in Airteagal 256, sa cheathrú mír

8) Sna hAirteagail seo a leanas, cuirtear an tagairt seo a leanas d'Airteagal den Chonradh ar an Aontas Eorpach in ionad na tagartha d'Airteagal eile den Chonradh:

| | |
|---|---|
| — Airteagal 21, sa tríú mír a athuimhrítear mar an ceathrú mír: | tagairt d'Airteagal 9 (an chéad tagairt) agus d'Airteagal 53(1) (an dara tagairt) |
| — Airteagal 97b: | tagairt d'Airteagal 2 |
| — Airteagal 98: | tagairt d'Airteagal 2 (an chéad tagairt) |
| — Airteagal 105(1), an dara habairt: | tagairt d'Airteagal 2 |
| — Airteagal 215, sa tríú mír a athuimhrítear mar an ceathrú mír: | tagairt don chéad fhomhír d'Airteagal 9d(7) |

9) *(ní bhaineann an méid seo leis an leagan Gaeilge).*

## B. **LEASUITHE SONRACHA**

BROLLACH

10) Sa dara haithris, cuirtear 'Stát' in ionad 'dtíortha' agus san aithris deiridh den bhrollach, cuirtear 'TAR ÉIS NA DAOINE SEO A LEANAS A CHEAPADH mar Lánchumhachtaigh:' in ionad 'TAR ÉIS CINNEADH ar CHOMHPHOBAL EORPACH a chur ar bun agus chun na críche sin tar éis na daoine seo a leanas a cheapadh mar Lánchumhachtaigh:'

FORÁLACHA COITEANNA

11) Aisghairtear Airteagail 1 agus 2. Cuirtear Airteagal 1a nua isteach:

*'Airteagal 1a*

1. Eagraítear leis an gConradh seo feidhmiú an Aontais agus cinntear leis réimsí agus críochú a inniúlachtaí agus na socruithe chun iad a fheidhmiú.

2. Is iad an Conradh seo agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh na Conarthaí ar a bhfuil an tAontas fothaithe. Beidh an stádas dlí céanna ag an dá Chonradh seo, dá ngairtear "na Conarthaí".'

77) Leasaítear Airteagal 87 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an abairt seo a leanas le deireadh phointe (c):

'Cúig bliana tar éis do Chonradh Liospóin teacht i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh a ghlacadh lena n-aisghairfear an pointe seo.';

(b) i mír 3, cuirtear an clásal seo a leanas isteach ag deireadh phointe (a): '..., agus ar na réigiúin dá dtagraítear in Airteagal 299, ag féachaint dá staid struchtúrtha, eacnamaíoch agus shóisialta,'.

78) Cuirtear an mhír 4 nua seo a leanas le hAirteagal 88:

'4. Féadfaidh an Coimisiún rialacháin a ghlacadh a bhainfidh leis na haicmí cabhrach Stáit a bhfuil cinneadh glactha ag an gComhairle ina leith, de bhun Airteagal 89, go bhfuil siad díolmhaithe ón nós imeachta dá bhforáiltear i mír 3 den Airteagal seo.'

FORÁLACHA CÁNACH

79) In Airteagal 93, cuirtear '... agus chun saobhadh ar an iomaíocht a sheachaint.' in ionad '... laistigh den tréimhse dá bhforáiltear in Airteagal 14.'

DLÍTHE A CHOMHFHOGASÚ

80) Iompraítear ord Airteagail 94 agus 95 droim ar ais. Athuimhrítear Airteagal 94 mar Airteagal 95 agus athuimhrítear Airteagal 95 mar Airteagal 94.

81) Leasaítear Airteagal 95, a athuimhrítear mar Airteagal 94, mar a leanas:

(a) ag tús mhír 1, scriostar 'De mhaolú ar Airteagal 94 agus';

(b) ag tús mhír 4, cuirtear 'Más rud é, tar éis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, don Chomhairle nó don Choimisiún beart comhchuibhithe a ghlacadh, ...' in ionad 'Más rud é, tar éis don Chomhairle nó don Choimisiún beart comhchuibhithe a ghlacadh, ...';

(c) ag tús mhír 5, cuirtear 'Thairis sin, gan dochar do mhír 4, más rud é, tar éis do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, don Chomhairle nó don Choimisiún beart comhchuibhithe a ghlacadh,...' in ionad 'Thairis sin, gan dochar do mhír 4, más rud é, tar éis don Chomhairle nó don Choimisiún beart comhchuibhithe a ghlacadh, ...';

(d) i mír 10, cuirtear 'faoi réir nós imeachta rialaithe de chuid an Aontais' in ionad 'faoi réir nós imeachta rialaithe Comhphobail'.

82) In Airteagal 94, a athuimhrítear mar 95, cuirtear 'Gan dochar d'Airteagal 94, ...' ag an tús.

103) Aisghairtear Airteagal 118. Cuirtear isteach Airteagal 118a mar a leanas:

(a) gabhann mír 1 foclaíocht Airteagal 123(3); scriostar 'den Chonradh seo';

(b) gabhann mír 2 foclaíocht na gcúig fhleasc tosaigh d'Airteagal 117(2); leasaítear na cúig fhleasc mar a leanas agus cuirtear an abairt tosaigh seo a leanas rompu:

'Má tá agus fad a bheidh Ballstáit ann a bhfuil maolú acu, déanfaidh an Banc Ceannais Eorpach, i dtaca leis na Ballstáit sin:'

(i) sa tríú fleasc, cuirtear 'na meicníochta rátaí malairte' in ionad 'an chórais Eorpaigh airgeadaíochta';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chúigiú fleasc:

'— na cúraimí a bhí ar an gCiste Eorpach um Chomhar Airgeadaíochta tráth, agus a ghabh an Institiúid Airgeadaíochta Eorpach ar láimh ina dhiaidh sin, a fheidhmiú.';

104) Cuirtear isteach Airteagal 118b a bhfuil foclaíocht Airteagal 124(1) aige; leasaítear é mar a leanas:

(a) cuirtear 'Déanfaidh gach Ballstát a bhfuil maolú aige a bheartas rátaí malairte a bhreithniú ...' in ionad 'Déanfaidh gach Ballstát, go dtí tús an tríú céim, a bheartas rátaí malairte a bhreithniú ...';

(b) cuirtear '... na meicníochta rátaí malairte.' in ionad '... an Chórais Eorpaigh Airgeadaíochta (CEA) agus thaithí fhorbairt an ECU agus na cumhachtaí láithreacha á n-urramú acu.'

105) Leasaítear Airteagal 119 mar a leanas:

(a) I mír 1, cuirtear 'a bhfuil maolú aige' isteach i ndiaidh 'Ballstát' sa chéad fhomhír agus i ndiaidh an 'Bhallstáit' sa dara fomhír, faoi seach, agus scriostar 'comhleanúnach' sa chéad fhomhír;

(b) i mír 2(a), cuirtear 'a bhfuil maolú aige' isteach i ndiaidh 'Ballstát' agus i mír 2(b) cuirtear 'an Ballstát a bhfuil maolú aige agus a bhfuil deacrachtaí aige, ...' in ionad 'an Stát a bhfuil deacrachtaí aige ...';

(c) i mír 3, cuirtear 'údaróidh an Coimisiún don Bhallstát a bhfuil maolú aige agus a bhfuil deacrachtaí aige, ...' in ionad 'údaróidh an Coimisiún don Stát a bhfuil deacrachtaí aige ...';

(d) scriostar mír 4.

106) Leasaítear Airteagal 120 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear 'féadfaidh Ballstát a bhfuil maolú aige na bearta cosanta is gá a ghlacadh ...' in ionad 'féadfaidh an Ballstát i dtrácht na bearta cosanta is gá a ghlacadh ...';

(b) i mír 3, cuirtear 'a mholadh' in ionad 'a thuairim' agus cuirtear 'Ballstát' in ionad 'Stát';

(c) scriostar mír 4.

107) In Airteagal 121, déantar Airteagal 117a(1) de mhír 1; déantar í a leasú mar a luaitear anseo thuas ag pointe 102. Aisghairtear an chuid eile d'Airteagal 121.

108) In Airteagal 122(2), déantar an chéad fhomhír d'Airteagal 117a(2) den dara habairt; déantar í a leasú mar a leagtar amach anseo thuas i bpointe 102. Aisghairtear an chuid eile d'Airteagal 122.

109) Déantar Airteagal 118a(1) d'Airteagal 123(3) agus déantar Airteagal 117a(3) d'Airteagal 123 (5); déantar í a leasú mar a leagtar amach anseo thuas i bpointe 103 agus i bpointe 102 faoi seach. Aisghairtear an chuid eile d'Airteagal 123.

110) In Airteagal 124, déantar Airteagal 118b nua de mhír 1; déantar í a leasú mar a luaitear anseo thuas ag pointe 104. Aisghairtear an chuid eile d'Airteagal 124.

FOSTAÍOCHT

111) In Airteagal 125, scriostar 'agus in Airteagal 2 den Chonradh seo'.

TEIDIL AR ATHRAÍODH A n-IONAD

112) Déantar Teideal II de Chuid a Cúig maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais de Theideal IX dar ceannteideal 'COMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA' agus déantar Airteagail 188b agus 188c d'Airteagail 131 agus 133 faoi seach. Déantar Airteagal 131 a leasú mar a leagtar amach anseo thíos i bpointe 157 agus cuirtear Airteagal 188c in ionad Airteagal 133.

Aisghairtear Airteagail 132 agus 134.

113) Déantar Caibidil 1a, i dTeideal Ia 'Saorghluaiseacht earraí' de Theideal X 'COMHAR CUSTAIM' agus déantar Airteagal 27a, mar a leagtar amach thuas i bpointe 45, d'Airteagal 135.

BEARTAS SÓISIALTA

114) Cuirtear 'BEARTAS SÓISIALTA' in ionad cheannteideal Theideal XI 'BEARTAS SÓISIALTA, OIDEACHAS, GAIRMOILIÚINT AGUS AN ÓIGE' agus athuimhrítear mar Theideal IX é; scriostar an ceannteideal 'Caibidil 1 – Forálacha Sóisialta'.

GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS

154) Cuirtear Cuid a Cúig nua isteach. Tugtar an teideal 'GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS' uirthi agus beidh na teidil agus na caibidlí seo a leanas inti:

Teideal 1: Forálacha ginearálta maidir le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais

Teideal II: An comhbheartas tráchtála

Teideal III: Comhar le tríú tíortha agus cabhair dhaonnúil

Caibidil 1: An comhar um fhorbairt

Caibidil 2: Comhar eacnamaíoch, airgeadais agus teicniúil le tríú tíortha

Caibidil 3: Cabhair dhaonnúil

Teideal IV: Bearta sriantacha

Teideal V: Comhaontuithe idirnáisiúnta

Teideal VI: Caidrimh an Aontais le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus le tríú tíortha agus toscaireachtaí an Aontais

Teideal VII: Clásal dlúthpháirtíochta

FORÁLACHA GINEARÁLTA

155) Cuirtear an Teideal I nua agus an tAirteagal 188a nua seo a leanas isteach:

'TEIDEAL 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHT SHEACHTRACH AN AONTAIS

*Airteagal 188a*

Beidh gníomhaíocht an Aontais ar an ardán idirnáisiúnta, de bhun na coda seo, á stiúradh ag na prionsabail, saothróidh sí na cuspóirí agus seolfar í i gcomhréir leis na forálacha ginearálta a leagtar síos i gCaibidil 1 de Theideal V den Chonradh ar an Aontas Eorpach.'

COMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA

156) Cuirtear isteach Teideal II 'COMHBHEARTAS TRÁCHTÁLA' ina n-ionchorpraítear Teideal IX de Chuid a Trí.

COISTE NA RÉIGIÚN

252) Leasaítear Airteagal 263 mar a leanas:

(a) scriostar an chéad mhír;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú mír, arb í an dara mír anois í:

‘Glacfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún, cinneadh lena gcinnfear comhdhéanamh an Choiste.’;

(c) sa chéad abairt den cheathrú mír, arb í an tríú mír anois í, scriostar ‘Ar thograí ó na Ballstáit faoi seach’ agus cuirtear ‘cúig’ in ionad ‘ceithre’; sa cheathrú habairt, cuirtear ‘in Airteagal 256a(3)’ in ionad ‘sa chéad mhír’;

(d) scriostar an mhír dheiridh.

253) Sa chéad mhír d'Airteagal 264, cuirtear ‘dhá bhliain go leith’ in ionad ‘dhá bhliain’ agus sa tríú mír, cuirtear ‘do Pharlaimint na hEorpa,’ isteach roimh ‘don Chomhairle’.

254) Leasaítear Airteagal 265 mar a leanas:

(a) cuirtear isteach tagairt do Pharlaimint na hEorpa roimh an tagairt don Chomhairle sa chéad mhír, sa dara mír, sa tríú mír agus sa mhír dheiridh;

(b) sa chéad mhír, cuirtear ‘... de na hinstitiúidí sin é’ in ionad ‘.. den dá institiúid sin é’;

(c) scriostar an ceathrú mír.

AN BANC EORPACH INFHEISTÍOCHTA

255) Sa tríú mír d'Airteagal 266, cuirtear ‘ar thogra ón gCoimisiún’ in ionad ‘arna iarraidh sin don Choimisiún’, cuirtear ‘i gcomhréir leis an nós imeachta reachtach speisialta’ isteach i ndiaidh ‘d'aon toil’ agus scriostar ‘Airteagail 4, 11 agus 12 agus Airteagal 18(5)’.

256) In Airteagal 267, pointe (b), cuirtear ‘nó ar oibriú’ in ionad ‘comhleanúnach’.

FORÁLACHA AIRGEADAIS

257) Leasaítear Airteagal 268 mar a leanas:

(a) sa chéad mhír, scriostar ‘..., lena n-áirítear na cinn a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa, ...’ agus déantar mír 1 de na trí mhír;

## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### *Airteagal 3*

Tugtar an Conradh seo i gcrích go ceann tréimhse gan teorainn.

### *Airteagal 4*

1. Tá na leasuithe ar na Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus/nó leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach i bPrótacal Uimh. 1 atá i gceangal leis an gConradh seo.

2. Tá na leasuithe ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh d'Fhuinneamh Adamhach i bPrótacal Uimh. 2 atá i gceangal leis an gConradh seo.

### *Airteagal 5*

1. Déantar Airteagail, Ranna, Caibidlí, Teidil agus Codanna den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, mar a leasaítear iad sa Chonradh seo, a athuimhriú i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gConradh seo agus atá ina cuid dhílis de.

2. Déantar na crostagairtí d'Airteagail, do Ranna, do Chaibidlí, do Theidil agus do Chodanna sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus eatarthusan chomh maith, a oiriúnú i gcomhréir le mír 1 agus déantar na tagairtí do mhíreanna nó d'fhomhíreanna de na hAirteagail sin mar a athuimhrítear iad nó mar a chuirtear ord nua orthu le forálacha áirithe den Chonradh seo a oiriúnú i gcomhréir leis na forálacha sin.

Déantar na tagairtí d'Airteagail, do Ranna, do Chaibidlí, do Theidil agus do Chodanna sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh sna Conarthaí eile agus sna gníomhartha eile dlí phríomha lena mbunaítear an tAontas a oiriúnú i gcomhréir le mír 1. Déantar na tagairtí d'aithrisí sa Chonradh ar an Aontas Eorpach nó do mhíreanna nó d'fhomhíreanna de na hAirteagail sa Chonradh ar an Aontas Eorpach nó sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh mar a athuimhrítear iad nó mar a chuirtear ord nua orthu leis an gConradh seo a oiriúnú i gcomhréir leis an gConradh seo.
Baineann na hoiriúnuithe sin freisin, más iomchuí, le cásanna ina n-aisghairtear an fhoráil i dtrácht.

3. Tuigfear leis na tagairtí d'aithrisí, d'Airteagail, do Ranna, do Chaibidlí, do Theidil agus do Chodanna den Chonradh ar an Aontas Eorpach agus den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh mar a leasaítear leis an gConradh seo iad agus atá in ionstraimí eile nó i ngníomhartha eile gur tagairtí iad d'aithrisí, d'Airteagail, do Ranna, do Chaibidlí, do Theidil, agus do Chodanna na gConarthaí thuasluaite arna n-athuimhriú i gcomhréir le mír 1 agus gur tagairtí iad do na míreanna nó do na fomhíreanna de na hAirteagail thuasluaite, arna n-athuimhriú nó arna gcur in ord nua i gcomhréir le forálacha áirithe den Chonradh seo, faoi seach.

Съставено в Лисабон на тринадесети декември две хиляди и седма година.

Hecho en Lisboa, el trece de diciembre de dos mil siete.

V Lisabonu dne třináctého prosince dva tisíce sedm.

Udfærdiget i Lissabon den trettende december to tusind og syv.

Geschehen zu Lissabon am dreizehnten Dezember zweitausendsieben.

Kahe tuhande seitsmenda aasta detsembrikuu kolmeteistkümnendal päeval Lissabonis.

Έγινε στη Λισσαβώνα, στις δέκα τρεις Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες επτά.

Done at Lisbon on the thirteenth day of December in the year two thousand and seven.

Fait à Lisbonne, le treize décembre deux mille sept.

Arna dhéanamh i Liospóin, an tríú lá déag de Nollaig sa bhliain dhá mhíle a seacht.

Fatto a Lisbona, addì tredici dicembre duemilasette.

Lisabonā, divtūkstoš septītā gada trīspadsmitajā decembrī.

Priimta Lisabonoje du tūkstančiai septintųjų metų gruodžio tryliktą dieną.

Kelt Lisszabonban, a kétezer-hetedik év december tizenharmadik napján.

Magħmul f'Lisbona, fit-tlettax-il jum ta' Diċembru tas-sena elfejn u sebgħa.

Gedaan te Lissabon, de dertiende december tweeduizend zeven.

Sporządzono w Lizbonie dnia trzynastego grudnia roku dwa tysiące siódmego.

Feito em Lisboa, em treze de Dezembro de dois mil e sete.

Întocmit la Lisabona la treisprezece decembrie două mii șapte.

V Lisabone dňa trinásteho decembra dvetisícsedem.

V Lizboni, dne trinajstega decembra leta dva tisoč sedem.

Tehty Lissabonissa kolmantenatoista päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattaseitsemän.

Som skedde i Lissabon den trettonde december tjugohundrasju.

# B. PRÓTACAIL A CHUIRFEAR I gCEANGAL LE CONRADH LIOSPÓIN

## PRÓTACAL Uimh. 1

## AG LEASÚ NA bPRÓTACAL ATÁ I gCEANGAL LEIS AN gCONRADH AR AN AONTAS EORPACH, LEIS AN gCONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH AGUS/NÓ LEIS AN gCONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO na Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus/nó leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chur in oiriúint do na rialacha nua a leagtar síos le Conradh Liospóin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal le Conradh Liospóin:

*Airteagal 1*

1) Leasaítear i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo na Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus/nó leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus a bheidh i bhfeidhm ar an dáta a dtiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm.

### A. LEASUITHE COTHROMÁNACHA

2) Beidh feidhm ag na leasuithe cothrománacha a leagtar síos i bpointe 2 d'Airteagal 2 de Chonradh Liospóin, cé is moite de phointí (d), (e) agus (j) de, maidir leis na Prótacail dá dtagraítear san Airteagal seo.

3) Sna Prótacail dá dtagraítear i bpointe 1 den Airteagal seo:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre deiridh de na brollaigh: 'TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh'. Ní bheidh feidhm ag an bhfomhír seo i gcás an Phrótacail maidir le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta ná i gcás an Phrótacail maidir leis an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit.

Déanfar an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Prótacal maidir le suímh institiúidí an Aontais Eorpaigh agus suímh comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a shocrú, an Prótacal maidir le hAirteagal 40.3.3 de Bhunreacht na hÉireann agus an Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh a chur i gceangal freisin leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;

(b) cuirtear 'Aontais' in ionad an fhocail 'Comhphobail' agus déantar aon oiriúnuithe gramadaí is gá air.

# B. PRÓTACAIL A CHUIRFEAR I gCEANGAL LE CONRADH LIOSPÓIN

## PRÓTACAL Uimh. 1

## AG LEASÚ NA bPRÓTACAL ATÁ I gCEANGAL LEIS AN gCONRADH AR AN AONTAS EORPACH, LEIS AN gCONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH AGUS/NÓ LEIS AN gCONRADH AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

ÓS MIAN LEO na Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus/nó leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chur in oiriúint do na rialacha nua a leagtar síos le Conradh Liospóin,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal le Conradh Liospóin:

*Airteagal 1*

1) Leasaítear i gcomhréir le forálacha an Airteagail seo na Prótacail atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh agus/nó leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach agus a bheidh i bhfeidhm ar an dáta a dtiocfaidh an Conradh seo i bhfeidhm.

### A. LEASUITHE COTHROMÁNACHA

2) Beidh feidhm ag na leasuithe cothrománacha a leagtar síos i bpointe 2 d'Airteagal 2 de Chonradh Liospóin, cé is moite de phointí (d), (e) agus (j) de, maidir leis na Prótacail dá dtagraítear san Airteagal seo.

3) Sna Prótacail dá dtagraítear i bpointe 1 den Airteagal seo:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na míre deiridh de na brollaigh: 'TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh'. Ní bheidh feidhm ag an bhfomhír seo i gcás an Phrótacail maidir le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta ná i gcás an Phrótacail maidir leis an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit.

Déanfar an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, an Prótacal maidir le suímh institiúidí an Aontais Eorpaigh agus suímh comhlachtaí, oifigí, gníomhaireachtaí agus ranna áirithe de chuid an Aontais Eorpaigh a shocrú, an Prótacal maidir le hAirteagal 40.3.3 de Bhunreacht na hÉireann agus an Prótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh a chur i gceangal freisin leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach;

(b) cuirtear 'Aontais' in ionad an fhocail 'Comhphobail' agus déantar aon oiriúnuithe gramadaí is gá air.

4) Sna Prótacail seo a leanas, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'na Conarthaí' agus 'na Conarthaí seo' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'an Conradh' agus 'an Conradh seo' agus cuirtear tagairt do na Conarthaí in ionad na dtagairtí don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus/nó don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

(a) sa Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

— in Airteagal 1 (lena n-áirítear tagairtí don Chonradh AE agus don Chonradh CE);

(b) sa Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh;

— sa dara fomhír nua d'Airteagal 1.1;

— sa chéad fhomhír d'Airteagal 12.1;

— in Airteagal 14.1 (an dara lua den Chonradh);

— sa dara fomhír d'Airteagal 14.2;

— sa dara fleasc d'Airteagal 34.1;

— in Airteagal 35.1;

(c) sa Phrótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach:

— sa dara habairt d'Airteagal 3;

(d) sa Phrótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann leis an Danmhairg:

— sa dara habairt de phointe 2, a athuimhrítear mar phointe 1;

(e) sa Phrótacal ag lánpháirtiú *acquis* Schengen i gcreat an Aontais Eorpaigh:

— sa séú haithris a ndéantar an cúigiú haithris di;

— in Airteagal 1;

(f) sa Phrótacal maidir le tearmann do náisiúnaigh de chuid Bhallstáit an Aontais Eorpaigh:

— sa séú haithris a ndéantar an seachtú haithris di;

(g) sa Phrótacal maidir le maoin a fháil sa Danmhairg:

— san fhoráil aonair;

(h) sa Phrótacal maidir leis an gcóras craolacháin phoiblí sna Ballstáit:

— san fhoráil aonair;

(i) sa Phrótacal maidir leis na hiarmhairtí airgeadais toisc Conradh CEGC a dhul in éag agus leis an gCiste Taighde um Ghual agus Cruach:

— in Airteagal 3.

5) Sna Prótacail agus sna hIarscríbhinní seo a leanas, cuirtear tagairt don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in ionad na bhfocal 'den Chonradh' agus 'den Chonradh seo':

(a) sa Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Ceannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh:

— in Airteagal 3.1;

— in Airteagal 4;

— in Airteagal 6.3;

— in Airteagal 7;

— in Airteagal 9.1;

— in Airteagal 10.1;

— in Airteagal 11.1;

— in Airteagal 14.1 (an chéad lua den Chonradh);

— in Airteagal 15.3;

— in Airteagal 16, an chéad mhír;

— in Airteagal 21.1;

— in Airteagal 25.2;

— in Airteagal 27.2;

— in Airteagal 34.1, sa fhrása tosaigh;

— in Airteagal 35.3;

— in Airteagal 41.1, a athuimhrítear mar Airteagal 40.1, sa chéad fhomhír;

— in Airteagal 42, a athuimhrítear mar Airteagal 41;

— in Airteagal 43.1, a athuimhrítear mar Airteagal 42.1;

— in Airteagal 45.1, a athuimhrítear mar Airteagal 44.1;

— in Airteagal 47.3, a athuimhrítear mar Airteagal 46.3.

(b) sa Phrótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach:

— san abairt réamhráiteach in Airteagal 1;

(c) sa Phrótacal maidir leis na critéir um chóineasú dá dtagraítear in Airteagal 121 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

— sa chéad abairt d'Airteagal 1;

(d) sa Phrótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann:

— sa dara fomhír de phointe 6, a athuimhrítear mar phointe 5;

— san abairt réamhráiteach de phointe 9, a athuimhrítear mar phointe 8;

— sa dara habairt de phointe (a) de phointe 10, a athuimhrítear mar phointe 9;

— i bpointe 11, a athuimhrítear mar phointe 10;

(e) sa Phrótacal maidir le comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta:

— sa chúigiú haithris déag a ndéantar an t-aonú haithris déag di;

(f) in Iarscríbhinní I agus II:

— i gceannteideal an dá Iarscríbhinn.

6) Sna Prótacail seo a leanas, cuirtear 'den Chonradh sin' in ionad 'den Chonradh seo':

(a) sa Phrótacal maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhainc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh:

— in Airteagal 3.2;
— in Airteagal 3.3;
— in Airteagal 9.2;
— in Airteagal 9.3;
— in Airteagal 11.2;
— in Airteagal 43.2, a athuimhrítear mar Airteagal 42.2;
— in Airteagal 43.3, a athuimhrítear mar Airteagal 42.3;
— in Airteagal 44, a athuimhrítear mar Airteagal 43, sa dara mír;

(b) sa Phrótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach:

— san abairt tosaigh in Airteagal 2;

(c) sa Phrótacal maidir leis na critéir um chóineasú dá dtagraítear in Airteagal 121 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh:

— in Airteagal 2;
— in Airteagal 3;
— sa chéad abairt d'Airteagal 4;
— in Airteagal 6;

(d) sa Phrótacal maidir le forálacha áirithe a bhaineann le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann:

— sa dara fomhír de mhír 7, a athuimhrítear mar mhír 6;
— i bpointe (c) de mhír 10, a athuimhrítear mar mhír 9.

7) Sna Prótacail seo a leanas, cuirtear 'ag gníomhú di trí thromlach simplí,' isteach i ndiaidh 'an Chomhairle':

(a) sa Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

— sa dara mír d'Airteagal 4;
— sa dara mír d'Airteagal 13;

(b) sa Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí na gComhphobal Eorpach:

— sa chéad abairt den chéad mhír d'Airteagal 7, a athuimhrítear mar Airteagal 6.

8) Sna Prótacail seo a leanas, cuirtear 'Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh' in ionad 'na Cúirte Breithiúnais' agus in ionad 'na Cúirte', cuirtear 'Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh' in ionad 'Cúirt Bhreithiúnais' agus in ionad 'Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach', cuirtear 'do Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh' in ionad 'don Chúirt Bhreithiúnais' agus cuirtear 'ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh' in ionad 'ag an gCúirt Bhreithiúnais':

(a) sa Phrótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

— in Airteagal 1;
— sa cheathrú mír d'Airteagal 3;
— in Airteagal 1 den Iarscríbhinn;

REACHT CHÚIRT BHREITHIÚNAIS AN AONTAIS EORPAIGH

10) Leasaítear mar a leanas an Prótacal ar Reacht Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh:

(a) sa chéad aithris den bhrollach, cuirtear tagairt don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in ionad na tagartha don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh. Sa chuid eile den Phrótacal cuirtear 'den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh' in ionad 'de Chonradh CE'; sa Phrótacal tríd síos, scriostar na tagairtí do na hAirteagail de Chonradh CEFA a aisghairtear le Prótacal Uimh. 2 atá i gceangal leis an gConradh seo agus déantar aon oiriúnuithe gramadaí is gá ar an abairt;

(b) sna hAirteagail seo a leanas, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'Cúirt Bhreithiúnais' in ionad an leagain chomhfhreagraigh den fhocal 'Cúirt':

— sa dara mír d'Airteagal 3;
— sa cheathrú mír d'Airteagal 4;
— sa dara mír d'Airteagal 5;
— sa chéad mhír d'Airteagal 6;
— in Airteagail 10, 11, 12 agus 14;
— sa chéad mhír d'Airteagal 13, an chéad lua
— sa chéad abairt d'Airteagal 15;
— sa chéad mhír d'Airteagal 16;
— sa chéad mhír d'Airteagal 17;
— sa tríú mír d'Airteagal 18;
— sa chéad mhír d'Airteagal 19;
— sa chéad mhír d'Airteagal 20;
— sa chéad mhír d'Airteagal 21;
— sa chéad mhír d'Airteagal 22;
— sa chéad abairt den chéad mhír d'Airteagal 23;
— sa chéad mhír d'Airteagal 24;
— in Airteagail 25 go 27;
— sa chéad mhír d'Airteagal 29;
— in Airteagail 30 go 32, 35, 38, 41 agus 43;
— sa chéad mhír d'Airteagal 39;
— sa chéad mhír d'Airteagal 40;
— sa chéad mhír d'Airteagal 44, sa chéad lua;
— sa chéad mhír d'Airteagal 46;
— in Airteagal 52 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad abairt den chéad mhír d'Airteagal 54 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad mhír d'Airteagal 56 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad mhír d'Airteagal 57 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad mhír d'Airteagal 58 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad abairt d'Airteagal 59 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa dara mír d'Airteagal 60 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad mhír d'Airteagal 61 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad mhír d'Airteagal 62 (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad mhír d'Airteagal 62a (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa dara habairt den chéad mhír d'Airteagal 62b (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— in Airteagal 63;
— sa chéad mhír d'Airteagal 64 a ndéantar an dara mír di (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa dara habairt d'Airteagal 3(2) den Iarscríbhinn, (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa dara habairt d'Airteagal 6(1) den Iarscríbhinn (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);
— sa chéad abairt d'Airteagal 8(1) den Iarscríbhinn (ní bhaineann an méid sin leis an leagan Gaeilge);

(v) in Airteagal 42, a athuimhrítear mar Airteagal 41, scriostar ', láithreach bonn tar éis cinneadh a ghlacadh ar dháta thús an tríú céim,' agus scriostar 'ag gníomhú di trí thromlach cáilithe';

(w) in Airteagail 43.1, 43.2 et 43.3, a athuimhrítear mar Airteagail 42.1, 42.2 et 42.3, cuirtear tagairt d'Airteagal 116a in ionad na tagartha d'Airteagal 122; in Airteagal 43.3, a athuimhrítear mar Airteagal 42.3, scriostar an tagairt d'Airteagail 34.2 agus 50 agus in Airteagal 43.4, a athuimhrítear mar 42.4, cuirtear tagairt d'Airteagal 10.2 in ionad na tagartha d'Airteagal 10.1;

(x) sa chéad mhír d'Airteagal 44, a athuimhrítear mar Airteagal 43, cuirtear 'na cúraimí sin de IEA dá dtagraítear in Airteagal 118a(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh' in ionad 'na cúraimí sin de IEA' agus cuirtear 'tar éis an euro a thabhairt isteach' in ionad 'sa tríú céim'; sa dara mír, cuirtear tagairt d'Airteagal 117a in ionad na tagartha d'Airteagal 122;

(y) in Airteagal 47.3, a athuimhrítear mar Airteagal 46.3, cuirtear '... in aghaidh an euro...' in ionad '... in aghaidh airgeadraí, nó airgeadra aonair, na mBallstát gan mhaolú, ...';

(z) aisghairtear Airteagal 50 agus Airteagal 51 agus athuimhrítear dá réir na hAirteagail a thagann ina ndiaidh;

(aa) in Airteagal 52, a athuimhrítear mar Airteagal 49, cuirtear isteach 'i gcomhréir le hAirteagal 116(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh' i ndiaidh 'Tar éis na rátaí malairte a shocrú go neamh-inchúlghairthe, ...';

(ab) *(ní bhaineann an méid seo leis an leagan Gaeilge).*

REACHT AN BEI

12) Leasaítear mar a leanas an Prótacal ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta:

(a) sa Phrótacal tríd síos, cuirtear tagairt d'Airteagal 'den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh' in ionad aon tagartha d'Airteagal 'den Chonradh';

(b) ag deireadh an bhrollaigh, cuirtear 'leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh' in ionad 'leis an gConradh seo';

(c) scriostar an dara mír d'Airteagal 1;

(d) in Airteagal 3, cuirtear 'I gcomhréir le hAirteagal 266 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, is iad na Ballstáit comhaltaí an Bhainc' in ionad na habairte tosaigh agus scriostar an liosta Ballstát;

(e) in Airteagal 4(1), cuirtear '164 808 169 000 EUR' in ionad fhigiúr chaipiteal an Bhainc, cuirtear na figiúirí a léirítear thíos in ionad na bhfigiúirí a bhaineann leis na Ballstáit seo a leanas agus scriostar an dara fomhír:

| | | | |
|---|---|---|---|
| An Pholainn | 3 411 263 500 | An Bhulgáir | 290 917 500 |
| Poblacht na Seice | 1 258 785 500 | An Liotuáin | 249 617 500 |
| An Ungáir | 1 190 868 500 | An Chipir | 183 382 000 |
| An Rómáin | 863 514 500 | An Laitvia | 152 335 000 |
| An tSlóvaic | 428 490 500 | An Eastóin | 117 640 000 |
| An tSlóivéin | 397 815 000 | Málta | 69 804 000 |

(b) leasaítear an tAirteagal Aonair mar a leanas:

(i) i bpointe (b) den Airteagal Aonair, cuirtear ', nó, más iomchuí, an Chomhairle Eorpach,' i ndiaidh 'an Chomhairle' agus cuirtear isteach ag deireadh an phointe 'i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) má tá cinneadh glactha ag an gComhairle i gcomhréir le hAirteagal 7(1) den Chonradh ar an Aontas Eorpach i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir, nó má tá cinneadh glactha ag an gComhairle Eorpach i gcomhréir le hAirteagal 7(2) den Chonradh sin i dtaca leis an mBallstát ar náisiúnach de an t-iarratasóir;'.

PRÓTACAL MAIDIR LE COMHTHÁTHÚ EACNAMAÍOCH, SÓISIALTA AGUS CRÍOCHACH

23) Leasaítear mar a leanas an Prótacal maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach:

(a) sa Phrótacal tríd síos, cuirtear 'comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach' in ionad 'comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta', cuirtear 'chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach' in ionad 'chomhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta' agus cuirtear 'an chomhtháthaithe eacnamaíoch, shóisialta agus chríochaigh' in ionad 'an chomhtháthaithe eacnamaíoch agus shóisialta';

(b) leasaítear mar a leanas an brollach:

(i) scriostar an chéad aithris, an dara haithris, an cúigiú haithris, an séú haithris agus an ceathrú haithris déag;

(ii) cuirtear an chéad aithris nua seo a leanas isteach:

'AG MEABHRÚ DÓIBH go luann Airteagal 3 den Chonradh ar an Aontas Eorpach an cuspóir comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus dlúthpháirtíocht idir na Ballstáit a chur chun cinn agus go bhfuil an comhtháthú a dúradh ar cheann de na réimsí ina bhfuil inniúlacht arna roinnt san Aontas atá liostaithe in Airteagal 2c den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ceathrú haithris, a bheidh ina tríú haithris:

'AG MEABHRÚ DÓIBH go bhforáiltear le forálacha Airteagal 161 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh Ciste Comhtháthaithe a chur ar bun,';

(iv) san aonú aithris déag, a bheidh ina hochtú haithris, scriostar 'agus cuireann siad béim ar a thábhachtaí atá comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta a áireamh in Airteagail 2 agus 3 den Chonradh';

(v) sa chúigiú aithris déag, a bheidh ina haonú aithris déag nua, scriostar 'a chuirfear ar bun roimh an 31 Nollaig 1993';

(vi) san aithris deiridh, cuirtear tagairt don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in ionad na tagartha don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

PRÓTACAIL EILE

24) Sa Phrótacal maidir leis an nós imeachta um easnamh iomarcach, sa bhrollach, sa chéad aithris, cuirtear tagairt don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in ionad na tagartha don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh.

25) Sa Phrótacal maidir leis an bhFrainc, cuirtear 'sa Nua-Chaladóin, i bPolainéis na Fraince agus i Vailís agus Futúna' in ionad 'ina críocha thar lear'.

(ii) sa dara mír, cuirtear 'Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, bearta lena mbunófar treoirlínte ilbhliantúla airgeadais ...' in ionad 'agus na nósanna imeachta iomchuí cinnteoireachta, go háirithe d'fhonn na treoirlínte ilbhliantúla airgeadais a ghlacadh ...';

(d) aisghairtear Airteagal 4.

*Airteagal 2*

1. Déantar Airteagail an Phrótacail maidir le Reacht an Chórais Eorpaigh Bhanc Cheannais agus an Bhainc Cheannais Eorpaigh, an Phrótacail ar Reacht an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta agus an Phrótacail ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh, mar a leasaítear iad le Conradh Liospóin, a athuimhriú i gcomhréir leis na táblaí comhghaoil atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gConradh seo. Déantar na crostagairtí d'Airteagail de na Prótacail sin atá sna Prótacail sin a oiriúnú i gcomhréir leis na táblaí sin.

2. Déantar na tagairtí d'aithrisí na bPrótacal dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe 1 nó in Airteagail na bPrótacal sin, lena n-áirítear a míreanna nó a bhfomhíreanna, sna Prótacail sin mar a athuimhrítear iad nó mar a gcuirtear ord nua orthu leis an bPrótacal seo, agus i bPrótacail eile nó i ngníomhartha reachtaíochta príomha eile a oiriúnú i gcomhréir leis an bPrótacal seo. Baineann na hoiriúnuithe seo freisin, más iomchuí, le cásanna ina n-aisghairtear an fhoráil i dtrácht.

3. Tuigfear leis na tagairtí d'aithrisí agus d'Airteagail de na Prótacail dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear a míreanna agus a bhfomhíreanna, mar a athuimhrítear iad nó mar a chuirtear ord nua orthu le forálacha an Phrótacail seo agus atá in ionstraimí eile nó i ngníomhartha eile gur tagairtí iad d'aithrisí agus d'Airteagail na bPrótacal sin, lena n-áirítear a míreanna agus a bhfomhíreanna, mar a athuimhrítear iad nó mar a chuirtear ord nua orthu, i gcomhréir leis an bPrótacal seo.

# PRÓTACAL Uimh. 2

## AG LEASÚ AN CHONARTHA AG BUNÚ AN CHOMHPHOBAIL EORPAIGH DO FHUINNEAMH ADAMHACH

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH a riachtanaí atá sé go leanfadh forálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach de lánéifeacht dhlíthiúil a bheith acu,

ÓS MIAN LEO an Conradh sin a chur in oiriúint do na rialacha nua arna leagan síos leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh go háirithe sna réimsí institiúideacha agus airgeadais,

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas, a chuirfear i gceangal le Conradh Liospóin agus lena leasaítear mar a leanas an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

*Airteagal 1*

Leasaíonn an Prótacal seo an Conradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (dá ngairtear an 'Conradh CEFA' anseo feasta) sa leagan atá i bhfeidhm ar an dáta a dtiocfaidh Conradh Liospóin i bhfeidhm.

*(Ní bhaineann an dara mír leis an leagan Gaeilge).*

*Airteagal 2*

Cuirtear 'Forálacha ag rialú na n-institiúidí agus forálacha airgeadais' mar cheannteideal ar Theideal III de Chonradh CEFA in ionad an cheannteidil 'Forálacha ag rialú na n-institiúidí'.

*Airteagal 3*

Ag tús Theideal III den Chonradh CEFA, cuirtear isteach an chaibidil seo a leanas:

'CAIBIDIL I

FORÁLACHA ÁIRITHE DEN CHONRADH AR AN AONTAS EORPACH AGUS DEN CHONRADH AR FHEIDHMIÚ AN AONTAIS EORPAIGH A CHUR I bhFEIDHM

*Airteagal 106a*

1. Beidh feidhm maidir leis an gConradh seo ag Airteagal 7, ag Airteagail 9 go 9f, agus ag Airteagal 48(2) go (5), ag Airteagail 49 agus 49a den Chonradh ar an Aontas Eorpach, ag Airteagal 16a, ag Airteagail 190 go 201b, ag Airteagail 204 go 211a, ag Airteagal 213, ag Airteagail 215 go 236, ag Airteagail 238, 239, 240, ag Airteagail 241 go 245, ag Airteagail 246 go 262, ag Airteagail 268 go 277, ag Airteagail 279 go 280 agus ag Airteagail 283, 290 agus 292 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ag an bPrótacal maidir le forálacha idirthréimhseacha.

2. Faoi chuimsiú an Chonartha seo, glacfar leis na tagairtí don Aontas, don Chonradh ar an Aontas Eorpach, don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus do na Conarthaí sna forálacha atá luaite i mír 1 agus na tagairtí i bhforálacha na bPrótacal atá i gceangal leis na Conarthaí sin agus leis an gConradh seo araon mar thagairtí don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus don Chonradh seo, faoi seach.

3. Ní dhéanfaidh forálacha an Chonartha ar an Aontas Eorpach agus an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maolú ar fhorálacha an Chonartha seo.'

*Airteagal 4*

I dTeideal III den Chonradh CEFA, déanfar Caibidlí I, II agus III a athuimhriú mar Chaibidlí II, III agus IV.

*Airteagal 5*

Aisghairtear Airteagal 3, Airteagail 107 go 132, Airteagail 136 go 143, Airteagail 146 go 156, Airteagail 158 go 163, Airteagail 165 go 170, Airteagail 173, 173a agus 175, Airteagail 177 go 179a, Airteagail 180b, 181, 183, 183a, 190 agus 204 den Chonradh CEFA.

*Airteagal 6*

Cuirtear 'Forálacha airgeadais sonracha' in ionad 'Forálacha airgeadais' mar cheannteideal ar Theideal IV de Chonradh CEFA.

*Airteagal 7*

1. Sa tríú mír d'Airteagal 38 agus sa tríú mír d'Airteagal 82 de Chonradh CEFA, cuirtear tagairtí d'Airteagail 226 agus 227 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in ionad na dtagairtí d'Airteagail 141 agus 142 faoi seach.

2. In Airteagal 171(2) agus in Airteagal 176(3) de Chonradh CEFA cuirtear tagairt d'Airteagal 279 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in ionad na tagartha d'Airteagal 183.

3. In Airteagal 172(4) de Chonradh CEFA, cuirtear tagairt d'Airteagal 272 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh in ionad na tagartha d'Airteagal 177(5).

4. I gConradh CEFA, cuirtear an leagan cuí gramadaí de na focail 'Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh' in ionad an leagain chomhfhreagraigh de na focail 'an Chúirt Bhreithiúnais'.

*Airteagal 8*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 191 de Chonradh CEFA:

*'Airteagal 191*

Beidh ag an gComhphobal i gcríocha na mBallstát na pribhléidí agus na díolúintí is gá chun a chúraimí a chomhlíonadh, faoi na coinníollacha atá sainithe sa Phrótacal ar phribhléidí agus díolúintí an Aontais Eorpaigh.'

| Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh | Uimhriú i gConradh Liospóin | Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |
|---|---|---|
| Airteagal 207 | Airteagal 207 | Airteagal 240 |
| Airteagal 208 | Airteagal 208 | Airteagal 241 |
| Airteagal 209 | Airteagal 209 | Airteagal 242 |
| Airteagal 210 | Airteagal 210 | Airteagal 243 |
| Roinn 3 – An Coimisiún | Roinn 3 – An Coimisiún | Roinn 4 – An Coimisiún |
| Airteagal 211 (aisghairthe) ([31]) | | |
| | Airteagal 211a | Airteagal 244 |
| Airteagal 212 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 218(2)* | *Airteagal 249(2)* |
| Airteagal 213 | Airteagal 213 | Airteagal 245 |
| Airteagal 214 (aisghairthe) ([32]) | | |
| Airteagal 215 | Airteagal 215 | Airteagal 246 |
| Airteagal 216 | Airteagal 216 | Airteagal 247 |
| Airteagal 217(1), (3) agus (4) (aisghairthe) ([33]) | | |
| Airteagal 217(2) | Airteagal 217 | Airteagal 248 |
| Airteagal 218(1) (aisghairthe) ([34]) | | |
| Airteagal 218(2) | Airteagal 218 | Airteagal 249 |
| Airteagal 219 | Airteagal 219 | Airteagal 250 |
| Roinn 4 – An Chúirt Bhreithiúnais | Roinn 4 – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | Roinn 5 – Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh |
| Airteagal 220 (aisghairthe) ([35]) | | |
| Airteagal 221, an chéad mhír (aisghairthe) ([36]) | | |
| Airteagal 221, an dara mír agus an tríú mír | Airteagal 221 | Airteagal 251 |
| Airteagal 222 | Airteagal 222 | Airteagal 252 |
| Airteagal 223 | Airteagal 223 | Airteagal 253 |
| Airteagal 224 ([37]) | Airteagal 224 | Airteagal 254 |
| | Airteagal 224a | Airteagal 255 |
| Airteagal 225 | Airteagal 225 | Airteagal 256 |

| **Seanuimhriú sa Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh** | **Uimhriú i gConradh Liospóin** | **Uimhriú nua don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh** |
|---|---|---|
| Airteagal 271 (ar athraíodh a ionad) | *Airteagal 273a* | *Airteagal 316* |
| Airteagal 272(1) (ar athraíodh a hionad) | *Airteagal 270b* | *Airteagal 313* |
| Airteagal 272(2) go (10) | Airteagal 272 | Airteagal 314 |
| Airteagal 273 | Airteagal 273 | Airteagal 315 |
| *Airteagal 271 (ar athraíodh a ionad)* | Airteagal 273a | Airteagal 316 |
| | Caibidil 4 – An buiséad a chur chun feidhme agus a urscaoileadh | Caibidil 4 – An buiséad a chur chun feidhme agus a urscaoileadh |
| Airteagal 274 | Airteagal 274 | Airteagal 317 |
| Airteagal 275 | Airteagal 275 | Airteagal 318 |
| Airteagal 276 | Airteagal 276 | Airteagal 319 |
| | Caibidil 5 – Forálacha coitianta | Caibidil 5 – Forálacha coitianta |
| Airteagal 277 | Airteagal 277 | Airteagal 320 |
| Airteagal 278 | Airteagal 278 | Airteagal 321 |
| Airteagal 279 | Airteagal 279 | Airteagal 322 |
| | Airteagal 279a | Airteagal 323 |
| | Airteagal 279b | Airteagal 324 |
| | Caibidil 6 – An comhrac in aghaidh na calaoise | Caibidil 6 – An comhrac in aghaidh na calaoise |
| Airteagal 280 | Airteagal 280 | Airteagal 325 |
| | Teideal III – Comhar feabhsaithe | Teideal III – Comhar feabhsaithe |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280a ([43]) | Airteagal 326 |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280b ([43]) | Airteagal 327 |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280c ([43]) | Airteagal 328 |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280d ([43]) | Airteagal 329 |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280e ([43]) | Airteagal 330 |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280f ([43]) | Airteagal 331 |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280g ([43]) | Airteagal 332 |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280h ([43]) | Airteagal 333 |
| *Airteagail 11 agus 11a (ar cuireadh forálacha eile ina n-ionad)* | Airteagal 280i ([43]) | Airteagal 334 |

([19]) Cuirtear mír 3 d'Airteagal 123 in ionad mhír 1 d'Airteagal 118a (a athuimhrítear mar Airteagal 141).

([20]) Cuirtear na cúig fhleasc tosaigh d'Airteagal 117(2) in ionad mhír 2 d'Airteagal 118a (a athuimhrítear mar Airteagal 141).

([21]) Cuirtear an dara habairt den dara fomhír d'Airteagal 188d(1) den CFAE in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([22]) Cuirtear an dara habairt den dara fomhír de mhír 1 in ionad shubstaint Airteagal 178 den Chonradh CE.

([23]) Déantar mír 1 agus mír 2 d'Airteagal 9a den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 14) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([24]) Déantar míreanna 1 go 3 d'Airteagal 9a den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 14) a chur in ionad shubstaint na míreanna sin.

([25]) Déantar mír 4 d'Airteagal 8a den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 11) a chur in ionad shubstaint na míre sin.

([26]) Déantar mír 1 d'Airteagal 9a den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 14) a chur in ionad shubstaint na míre sin.

([27]) Déantar mír 4 d'Airteagal 9a den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 14) a chur in ionad shubstaint na míre sin.

([28]) Déantar mír 1 d'Airteagal 9c den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 16) agus Airteagail 249b agus 249c den CFAE (a athuimhrítear mar Airteagail 290 agus 291) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([29]) Déantar mír 2 agus mír 9 d'Airteagal 9c den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 16) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([30]) Déantar mír 4 agus mír 5 d'Airteagal 9c den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 16) a chur in ionad shubstaint na míreanna sin.

([31]) Déantar mír 1 d'Airteagal 9d den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 17) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([32]) Déantar mír 3 agus mír 7 d'Airteagal 9d den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 17) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([33]) Déantar mír 6 d'Airteagal 9d den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 17) a chur in ionad shubstaint na míreanna sin.

([34]) Déantar Airteagal 252a den CFAE (a athuimhrítear mar Airteagal 295) a chur in ionad shubstaint na míre sin.

([35]) Déantar Airteagal 9f den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 19) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([36]) Déantar an chéad fhomhír de mhír 2 d'Airteagal 9f den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 19) a chur in ionad shubstaint na míre sin.

([37]) Déantar an dara fomhír de mhír 2 d'Airteagal 9f den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 19) a chur in ionad shubstaint na chéad abairte den chéad mhír den Airteagal sin

([38]) Cuirtear an tAirteagal sin in ionad shubstaint an tríú fleasc d'Airteagal 202 den Chonradh CE.

([39]) Déantar mír 2 d'Airteagal 256a den CFAE (a athuimhrítear mar Airteagal 300) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([40]) Déantar mír 4 d'Airteagal 256a den CFAE (a athuimhrítear mar Airteagal 300) a chur in ionad shubstaint na míre sin.

([41]) Déantar mír 3 agus mír 4 d'Airteagal 256a den CFAE (a athuimhrítear mar Airteagal 300) a chur in ionad shubstaint na míreanna sin.

([42]) Déantar mír 4 d'Airteagal 268 den CFAE (a athuimhrítear mar Airteagal 310) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([43]) Cuirtear na hAirteagail sin freisin in ionad Airteagail 27a go 27e, 40 go 40b agus 43 go 45 den Chonradh AE mar atá.

([44]) Déantar Airteagal 46a den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 47) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([45]) Déantar Airteagal 46c den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 52) a chur in ionad shubstaint na míre sin.

([46]) Déantar Airteagal 49b den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 51) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

([47]) Déantar Airteagal 53 den Chonradh AE (a athuimhrítear mar Airteagal 55) a chur in ionad shubstaint an Airteagail sin.

Съставено в Лисабон на тринадесети декември две хиляди и седма година.

Hecho en Lisboa, el trece de diciembre de dos mil siete.

V Lisabonu dne třináctého prosince dva tisíce sedm.

Udfærdiget i Lissabon den trettende december to tusind og syv.

Geschehen zu Lissabon am dreizehnten Dezember zweitausendsieben.

Kahe tuhande seitsmenda aasta detsembrikuu kolmeteistkümnendal päeval Lissabonis.

Έγινε στη Λισσαβώνα, στις δέκα τρεις Δεκεμβρίου δύο χιλιάδες επτά.

Done at Lisbon on the thirteenth day of December in the year two thousand and seven.

Fait à Lisbonne, le treize décembre deux mille sept.

Arna dhéanamh i Liospóin, an tríú lá déag de Nollaig sa bhliain dhá mhíle a seacht.

Fatto a Lisbona, addì tredici dicembre duemilasette.

Lisabonā, divtūkstoš septītā gada trīspadsmitajā decembrī.

Priimta Lisabonoje du tūkstančiai septintųjų metų gruodžio tryliktą dieną.

Kelt Lisszabonban, a kétezer-hetedik év december tizenharmadik napján.

Magħmul f'Lisbona, fit-tlettax-il jum ta' Diċembru tas-sena elfejn u sebgħa.

Gedaan te Lissabon, de dertiende december tweeduizend zeven.

Sporządzono w Lizbonie dnia trzynastego grudnia roku dwa tysiące siódmego.

Feito em Lisboa, em treze de Dezembro de dois mil e sete.

Întocmit la Lisabona la treisprezece decembrie două mii șapte.

V Lisabone dňa trinásteho decembra dvetisícsedem.

V Lizboni, dne trinajstega decembra leta dva tisoč sedem.

Tehty Lissabonissa kolmantenatoista päivänä joulukuuta vuonna kaksituhattaseitsemän.

Som skedde i Lissabon den trettonde december tjugohundrasju.

